



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Review of Aesop i gConamara by Nollaig Mac Congáil
Author(s)	Ó hAisibéil, Liam
Publication Date	2011
Publication Information	Ó hAisibéil, L., (2011) 'Aesop i gConamara' by Nollaig Mac Congáil, review in Béascna: Iris bhealoideas agus eitneolaíochta, 7, 219-24. [ISSN: 1649-2137]
Publisher	Department of Folklore and Ethnology/Béaloideas, University College Cork
Link to publisher's version	https://www.ucc.ie/en/bealoideas/research/publications/journals/beascna2011/
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6066

Downloaded 2024-05-18T21:49:50Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Aesóp i gConamara, Nollaig Mac Congáil (eag.). Gaillimh: Arlen House, 2009. 192 lch, ISBN: 9780905223674. €20.

Is é atá sa leabhar seo ná cnuasach d'fhabhalscéalta Aesóip (*Aesop's Fables*) a bhreac Domhnall Ó Cearbhaill ó bhéalaithe an tseanchaí iomráitigh, Pádraic Mac Con Iomaire, as Carna, agus a foilsíodh ar an *Evening Herald* idir mí na Samhna 1941 agus deireadh na bliana 1942. Tá 115 fabhalscéal sa leabhar agus sa bhreis air sin cuireann an fear eagair, Nollaig Mac Congáil, cúig phíosa scríbhneoireachta os ár gcomhair atá ina lón machnaimh don léitheoir. Áirítear ar na píosaí scríbhneoireachta seo beathaisnéis (lgh 15-28) agus clár saothar (lgh 29-39) Uí Chearbhaill atá curtha le chéile ag Máire Uí Chuinneáin; dírbheathaisnéis ghonta Mhic Con Iomaire a bhreac Domhnall Ó Cearbhaill síos ó bhéal uaidh (lgh 43-8); agus cuntas cuimsitheach ag Ríona Nic Congáil ar stair agus cúlra na bhfabhalscéalta ó aimsir Aesóip i leith (lgh 49-57). Ní mór a lua i dtosach nach leaganacha 'dúchasacha' Gaeilge a mhair sa traidisiún béil atá againn anseo, ach leaganacha Gaelaithe díobh, a bunaíodh ar chóip Bhéarla den saothar, an cnuasach cáiliúil *Aesop's Fables*. Thug an Cearbhallach an chóip sin do Phádraic Mac Con Iomaire d'fhonn 'leagan Gaedhilge nádúrtha a chur ortha' (lch 14). Is éard atá curtha os comhair an léitheora mar sin ná 'roinnt somplaí de na hiarrachtaí a rinne Padraic ar craiceann fíor-Ghaedhealach a chur ar Aesop' (*ibid.*) agus go deimhin d'éirigh go maith leis na hiarrachtaí úd i gcás an tsaothair seo.

Déanann an t-eagarthóir cur síos gairid sa réamhrá ar na meáin chlóite in Éirinn idir Ghaeilge agus Bhéarla agus ar an modh oibre a bhí ag an gCearbhallach agus na scéalta á mbreacadh aige ó Phádraic Mac Con Iomaire. Díol spéise dom an *Evening Herald* a bheith go mór chun cinn i bhfoilsíú alt agus ábhar i nGaeilge ag tús na ndaichidí, ón uair nach samhlófaí baint a bheith ag an nuachtán sin leis an nGaeilge beag ná mór ar na saolta seo. Ar ndóigh bhíodh léitheoireacht fhairsing ar nuachtáin Bhéarla sa tír seo agus dá mbeadh colún Gaeilge iontu, bheadh an Ghaeilge ní ba fheiceálaí dá réir. Deirtear linn (*ibid.*) gur cuireadh ailt le Pádraic Mac Con Iomaire i gcló sa nuachtán céanna roimhe sin sa tsraith *Bird and Beast*; is léir go raibh tóir ag an bpobal ar an tsraith sin mar ceapadh 'special correspondent' (i. Domhnall Ó Cearbhaill) chun fabhalscéalta Aesóip a bhreacadh ón seanchaí céanna.

I mbeathaisnéis Uí Chearbhaill léirítear scoláireacht agus éirim an Chearbhallach agus tugtar léargas dúinn ar an nasc a bhí ann idir teaghlach Uí Chearbhaill, an Cumann le Béaloideas Éireann agus muintir Charna. Tagraítear don dlúthbhaint a bhí idir bailiú an bhéaloidis agus bunú an tSaorstáit agus cé nach bpléitear é seo mórán sa saothar atá i dtreis

anseo, is scéal é atá pléite go maith in áiteanna eile, in Briody (2007) agus Ó Giolláin (2000) cuir i gcás. Léirítear san aiste seo (ar chuid de thráchtas máistreacht Mháire Uí Chuinneáin¹ í), go raibh spéis faoi leith ag Ó Cearbhaill sa cheardaíocht, go háirithe sa tsiúinéireacht agus i ndéanamh na gcurach. Bhí eolas ag Ó Cearbhaill ar an músaem cultúrtha mar fheiniméan a bhí ag teacht chun cinn go mór san Eoraip ó thús an chéid seo caite; bhí sé i gceist ag an am go mbunófaí músaem den chineál sin in Éirinn, rud nár tharla go dtí 2001 nuair a osclaíodh Músaem Náisiúnta na hÉireann – Saol na Tuaithe i bPáirc an Turlaigh, Co. Mhaigh Eo. Is í an tsuim a bhí ag Ó Cearbhaill sa mhúsaem cultúrtha ba chúis le cuid shuntasach dá raon leathan foilseachán agus alt in irisí agus nuachtáin éagsúla. Léiriú ab ea an clár raidió *Making and Mending*, a craoladh ar Raidió Éireann, ar an spéis a chuir an Cearbhallach sna ceirdeanna dúchasacha.

Béaloideasóir, iriseoir agus scoláire ar leith ab ea Ó Cearbhaill, mar is léir ón gclár saothar. Bhí ábhar béaloidis á fhoilsiú aige go rialta i bpríomhnuachtáin laethúla na tíre, rud a léiríonn an ról lárnach a bhí ag an gCearbhallach i saol na meán clóite Gaeilge in Éirinn ag tús an chéid seo caite. Bíodh is nach raibh mórán téacsleabhar Gaeilge ar fáil faoin tréimhse seo, sholáthair Ó Cearbhaill ábhar léitheoireachta Gaeilge don phobal i gcoitinne. Ba é an duine ba mhó a d'fhoilsigh ábhar Gaeilge sna nuachtáin Bhéarla idir 1925 agus 1942 (Mac Congáil, 2009, lch 31). Tá idir obair aistriúcháin, ábhar béaloidis, clár raidió, cúrsaí ceardaíochta, ábhar oideachasúil, leabhrán agus grianghraif luaite leis sa chlár saothar, a léiríonn an t-ilchumas a bhain leis mar iriseoir agus mar fhear léinn.

Is léir ó chuntas dírbheathaisnéise Phádraic Mhic Con Iomaire sa chaibidil dar teideal 'Agus mé ag tíocht suas' (lch 42), gur seanchaí aithnidiúil agus urramaithe ab ea é. Ní mór tábhacht Phádraic mar eiseamláir den traidisiún béaloidis agus Gaeilge a lua agus bhí sé aitheanta ag Séamus Ó Duilearga mar 'one of the best living Connacht story-tellers' (Delargy 1945, 16). Roghnaigh an teangeolaí aitheanta, Heinrich Wagner, é mar fhaisnéiseoir do chanúint Charna ina *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* agus sa bhreis air seo bhailigh Liam Ó Coisdealbha agus Domhnall Ó Cearbhaill scéalta uaidh. Dar leis an eagarthóir, bhí Mac Con Iomaire ar dhuine de na seanchaithe ab iomráití ó thaobh scéalta dá chuid a bheith foilsithe i nuachtáin Bhéarla an lae. Tá a chuntas dírbheathaisnéise cosúil le saothair eile de chuid an tseánra liteartha chéanna (m.sh. *An tOileánach*, Peig srl.) ar go leor bealaí, agus cur síos ann ar na cuimhní luatha a bhí aige sa teaghlach agus ar scoil nuair a bhí sé ag fás aníos i gCarna (Mac Congáil, 2009, lch 43). Deir sé gurbh í an Ghaeilge a bhí acu i gcónaí sa bhaile – in ainneoin go raibh Pádraic ag fás aníos in aimsir an bhata scóir! D'éirigh

leis an seanchas a thabhairt leis óna athair agus óna sheanathair agus léiríonn sé an meas a bhí aige ar scéalta an tseanathar.

Léirítear dúinn, san aiste bhreá le Ríona Nic Congáil, stair fhada na bhfabhalscéalta ó aimsir Aesóip féin anuas go dtí tús an fichiú haois (lch 29). Luaitear ról an nuachtáin *An Gaodhal* (a bhunaigh Mícheál Ó Locháin i Meiriceá sa bhliain 1879) i soláthar leaganacha Gaeilge d'fhabhalscéalta Aesóip d'fhonn idé-eolaíocht an náisiúnachais chultúrtha a chur chun cinn thall agus abhus. D'aistrigh an tAthair Peadar Ua Laoghaire na scéalta go Gaeilge na Mumhan tuairim is daichead bliain sular thug Mac Con Iomaire agus Ó Cearbhaill faoi aistriúchán a dhéanamh ar an ábhar céanna. Tugann Nic Congáil léargas ar chúlra na litríochta do ghasúir in Éirinn, agus i Sasana sa ré Victeoiriach, chomh maith leis an stair éideimhin a bhaineann le hAesóp féin. Luann sí freisin athchóiriú, athchruthú agus aistriúchán fhabhalscéalta Aesóip ón nGréigis go teangacha Eorpacha éagsúla. Go stairiúil, measadh gur litríocht do dhaoine fásta amháin seachas do ghasúir a bhí i bhfabhalscéalta Aesóip, ach le forbairt na litríochta do ghasúir, d'fheil na hainmhithe cainteacha go maith don seánra nua litríochta seo. Is féidir rian na bhfabhalscéalta a fheiceáil i scéalta le Enid Blyton nó i saothair eile: *The Wind in the Willows*, *Black Beauty* nó *Animal Farm* fiú. Léiríonn Nic Congáil go raibh meas nach beag ar an teanga labhartha agus í ar chomhchéim leis an bhfocal clóite in aimsir na hathbheochana in Éirinn (lch 56). Nasc a bhí i bhfocail an tseanchaí leis na glúine éagsúla a bhí imithe ar shlí na fírinne agus le traidisiún na scéalaíochta béil a mhair go láidir in Éirinn go dtí tús an fichiú haois. Tá an cur síos a dhéantar ar na difríochtaí idir scéalta Phádraic agus na scéalta ársa ar an rud is suntasaí atá le rá ag Nic Congáil. I gcás leaganacha Phádraic, cuirtear tréithe eile chun tosaigh sna scéalta a bheadh níos giorra do dhearcadh saoil na nGael ná dearcadh mhuintir na Gréige nó na Róimhe mar atá le fáil sna leaganacha ársa. Luaitear, mar shampla, an bhéim atá ar thábhacht an phobail, ar thábhacht na gceoltóirí sa tsochaí agus an easpa béime atá ag ról na cinniúna sna scéalta, rud a léirítear i dtréithe agus i mbuanna na n-ainmhithe (lgh 56-7).

Tá na fabhalscéalta féin ar ndóigh ar an ngné is taitneamhaí den leabhar seo agus iad tiontaithe i stíl phléisiúrtha, nádúrtha agus rithimiúil. Tá cuid díobh an-ghairid, tuairim is daichead focal nó cúig líne ar fhad agus cuid eile a ritheann píosa thar leathanach amháin. De bhrí go bhfuil leaganacha Béarlaithe d'fhabhalscéalta an leabhair seo ar eolas go coitianta, d'aithneofaí roinnt de na haistriúcháin ar an bpointe, cuir i gcás: *An Seabhac agus an Spideog* (lch 70), *An Préachán agus na Cleiteacha Iasachta* (lch 93), *An Giorria agus an Toirtís* (lch 107), *An Ghé agus an Ubh Óir* (lch 113), *Buachaill na mBréag* (lch 131), *An Sionnach agus*

an Leon (lch 143), *An Seangán agus an Píobaire Fraoigh* (lch 177). Tá cuid eile ann, áfach, a luaitear go minic le hAesóp ach nach mbaineann leis ar chor ar bith cosúil leis *An Madra Allta i gCóta Caorach* (lch 157) agus *An Sionnach agus an Tochas* (lch 64). Cé nach leabhar atá dírithe ar ghasúir atá anseo, féadfar gan dabht na scéalta a léamh do ghasúir toisc an Ghaeilge a bheith chomh saibhir agus chomh nádúrtha iontu. Cúis mhachnaimh do dhaoine fásta na ceachtanna morálta atá sna scéalta, a léiríonn tuiscint an chine dhaonna le dhá mhíle bliain anuas ar an gceart agus ar an aincheart. Díritear ar ról Uí Chearbhaill mar iriseoir agus mar bhailitheoir béaloidis níos mó ná mar a dhírítear ar Phádraic Mac Con Iomaire mar dhuine. Bheifí ag súil le tuilleadh plé ar shaol agus ar inniúlacht Mhic Con Iomaire mar scéalaí, ná mar atá tugtha sa leabhar (gan fianaise na scéalta féin a bhac), ach i ndáiríre ní mheasaim an leabhar seo a bheith dírithe ar lucht an bhéaloidis amháin. Tá ábhar suime anseo don iriseoir, don bhéaloidiasóir nó do dhuine a bhfuil suim aige sa pholaitíocht nó sa náisiúnachas cultúrtha. Maidir leis an gCearbhallach féin, bheinn ag súil le foilseachán éigin amach anseo bunaithe ar thráchtas Uí Chuinneáin a léiríonn sa tslánchruinne an méid atá déanta aige do léann an bhéaloidis agus do na meáin agus go háirithe a phléann an t-éacht a rinne sé ar son na hiriseoireachta Gaeilge i lár an chéid seo caite.

Gar do dheireadh an leabhair, pléann Mac Congáil an modh eagarthóireachta a chuir sé i bhfeidhm agus an leabhar á chur i dtoll a chéile aige. Admhaíonn sé nach féidir linn bheith cinnte go bhfuil ‘caint dhílis Phádraic focal ar fhocal’ (lch 179) le fáil sna scéalta toisc cur isteach a bheith déanta ag daoine áirithe ar an nGaeilge iontu cheana féin – idir an Cearbhallach agus eagarthóir Gaeilge an nuachtáin. Is mar gheall air seo nach bhfuil mórán athruithe curtha i bhfeidhm ag Mac Congáil seachas cinn a bhí riachtanach, dar leis, ar mhaithe le tuiscint an léitheora agus rialtacht na gramadaí. Soláthraíonn sé dhá shampla úsáideacha dúinn de na scéalta lámhscríofa mar atá i gcóipleabhair Uí Chearbhaill (lgh 181-82). B’ait liom nár cuireadh na taifid féin a rinne Ó Cearbhaill san áireamh agus ní luaitear cé acu an maireann nó nach maireann siad inniu, ach arís is cosúil go bhfuil an saothar seo dírithe go príomha ar an ábhar foilsithe, ar na nuachtáin agus ar chóipleabhair Uí Chearbhaill.

Mar fhocal scoir, táimid go mór faoi chomaoin ag bua scéalaíochta Mhic Con Iomaire agus scoláireacht Uí Chearbhaill a d’fhág an saothar spéisiúil taitneamhach seo againn. Tá sáróbair déanta ag an bhfear eagair, Nollaig Mac Congáil, as ucht an réamhrá scolártha agus na haistí breátha a tharraingt le chéile. Tugann na haistí tuiscint níos fearr dúinn ar chúlra an tseánra litríochta seo, ó bhunús na bhfabhalscéalta Aesóip go dtí scéal na meán clóite in Éirinn i lár na haoise seo caite. Aithnítear fabhalscéalta go hiondúil le litríocht do ghasúir

amháin ach léiríonn na haistí seo nach amhlaidh atá. Tugann na scéalta atá againn de thoradh obair na beirte lón intinne don léitheoir maidir le cúrsaí an tsaoil i gcoitinne agus tréaslaím a gcuid oibre leis an eagarthóir agus na foilsitheoirí as saothar spéisiúil, snasta, ar ardchaighdeán a chur ar fáil dúinn.

Liam Ó hAisibéil, *Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*

Nótaí

¹ Uí Chuinneáin, Máire. “*Domhnall Ó Cearbhaill: Scoláire gan Iomrá.*” Tráchtas MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tagairtí

Briody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935-1970: history, ideology, methodology.* Helsinki: Finnish Literature Society.

Delargy, James Hamilton. 1945. ‘The Gaelic Storyteller.’ Páipéar tugtha mar Sir John Rhys Memorial Lecture don British Academy, Londain, 26 Samhain. lch. 16.

Mac Congáil, Nollaig. 2009. *Aesóp i gConamara.* Gaillimh: Arlen House.

Ó Giolláin, Diarmaid. 2000. *Locating Irish folklore: tradition, modernity, identity.* Cork: Cork University Press.